**PREASEISIÚINT Uimh. 1/26**

**Lucsamburg, 12 Eanáir 2026**

# Oscailteacht agus Trédhearcacht: Nuachóiriú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar a cumarsáid dhigiteach

*Sheol an Chúirt trí ghné nua mhóra inniu chun feabhas a chur ar an eolas a chuirtear ar fáil don phobal agus do ghairmithe dlí: Suíomh gréasáin athdheartha, inneall cuardaigh nuachóirithe agus ardán closamhairc nua a fhreastalaíonn ar shaoránaigh na hEorpa*

Tá an fhorbairt sin mar chuid de shaothrú bunchuspóire: ceartas na hEorpa a thabhairt níos gaire don phobal, trédhearcacht a mhéadú maidir lena ghníomhaíochtaí agus rochtain ar a chásdlí a fheabhsú.

**Suíomh athdheartha, i gcroílár éiceachóras cumarsáide na Cúirte**

Is é suíomh gréasáin nua CVRIA bunchloch chumarsáid na Cúirte maidir lena gníomhaíochtaí breithiúnacha agus institiúideacha araon.

Tá an t-ollchóiriú iomlán i gcomhréir leis na caighdeáin idirlín is déanaí agus tá sé bunaithe ar thrí cholún: ailtireacht eolais úsáideoir-lárnach, dearadh leathanach lena n-éascaítear nascleanúint agus lena gcomhlíontar ardchaighdeáin inrochtaineachta, chomh maith le hathbhreithniú cuimsitheach ar ábhar i dteanga shoiléir intuigthe, lena n-áirítear do phobal nach saineolaithe iad.

Cuireann an suíomh nua nuálaíochtaí iomadúla ar fáil ar mhaithe le heispéireas níos fearr d'úsáideoirí, agus na doiciméid ábhartha uile a bhí ar fáil dóibh cheana féin sa seanleagan á gcur san áireamh ag an am céanna.

Ina theannta sin, óstálann sé dhá ghné lárnacha maidir le rochtain ar fhaisnéis: inneall cuardaigh nua InfoCuria agus clár closamhairc na Cúirte – CVRIA Web TV – a seoladh ar an ócáid seo.

**Inneall cuardaigh aonair feabhsaithe**

Cuireann an t-inneall cuardaigh nua InfoCuria uirlis shoiléir, iomasach agus chónasctha ar fáil d'úsáideoirí (lena gcumhdaítear cásanna leanúnacha, cinntí agus tuairimí, ach ábhar eagarthóireachta an tsuímh freisin), lena gcuirtear réiteach nua-aimseartha ar fáil chun bunachair sonraí cásdlí a fhiosrú. Déanfar é a imscaradh in dhá chéim.

Is éard atá sa chéad chéim ná bunleagan a chur ar fáil inniu lena gceadaítear cuardaigh a dhéanamh ar bhealach atá cosúil leis na hinnill chuardaigh is coitianta a úsáidtear ar an idirlíon, lena gcumhdaítear téacs iomlán agus/nó meiteashonraí doiciméad. Tá sé úsáideoir-lárnach agus níos inrochtana agus tá gnéithe nua éagsúla aige (cuardach doiléir, oibreoirí Boole, moladh agus críochnú uathoibríoch, mionleasú i ngnéithe, sórtáil de réir ábharthachta, téacs aibhsithe...) lena n-éascaítear a úsáid agus rochtain thapa ar eolas.

Is é an dara céim comhéadan ardleibhéil a chur ar fáil – atá á fhorbairt faoi láthair – chun freastal ar riachtanais shonracha gairmithe dlí. Seolfar é gan mhoill agus ceadófar leis ceisteanna níos spriocdhírithe, ar bhonn foirm chuardaigh ilchritéar ina mbeidh, *inter alia*, bunús na hiarrata ar réamhrialú, na cineálacha nós imeachta, an toradh a bheidh orthu, foirmíocht na Cúirte, an tAbhcóide Ginearálta nó an Breitheamh is Rapóirtéir. Mar sin féin, ba cheart a chur i dtábhacht go gceadaítear leis an leagan tosaigh cheana féin torthaí cuardaigh eochairfhocail a bheachtú, trí úsáid a bhaint as na roghanna scagtha iomadúla a chuirtear ar fáil.

**CVRIA Web TV: insealbhú ardán closamhairc nua na Cúirte**

Tá spás ar an suíomh nua atá tiomnaithe go hiomlán do ghné nua: ardán closamhairc CVRIA Web TV, a sheoltar an tráth seo. Is é is aidhm don ábhar ilteangach a scaiptear feabhas a chur ar eolas an phobail i gcoitinne ar an institiúid, trédhearcacht a mhéadú maidir lena feidhmiú agus lena gníomhaíocht agus ábhar closamhairc a chur ar fáil do na meáin.

Beidh an clársceidealú bunaithe ar an bhféilire breithiúnach: beoshruthú fhógairt breithiúnais agus tuairimí, treorú na héisteachta, craoladh éisteachtaí (le moill air), agus físeáin ghearra mhíniúcháin arna ndéanamh ag Comhaltaí.

Chomh maith le clúdach nuachta breithiúnach, déanfar trí chraoladh bhunaidh a léiriú agus a scaipeadh go rialta ar an ardán:

- **La Cour des citoyens**, clár teagaisc ina mínítear comhdhéanamh, inniúlachtaí agus misean na Cúirte, agus ina léirítear trí shamplaí nithiúla an tionchar a bhíonn ag a cinntí ar shaol laethúil na saoránach;
- **Open Court**, a thugann cead cainte do chomhaltaí na hinstitiúide, i bhfoirm agallamh lena gcumhdaítear ábhair éagsúla, feidhmiú na Cúirte nó saincheisteanna substainteacha;
- **Bright**, formáid gheal siamsúil ina leagtar béim i dteanga shimplí ar ról na Cúirte i réimsí a bhfuil spéis ag saoránaigh iontu.

Cuirfear craoltaí CVRIA Web TV ar fáil i dteangacha oifigiúla an Aontais agus fotheidil sna teangacha eile. Scaipfear iad ar na meáin shóisialta freisin.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355

Fanaigí i dteagmháil linn!